# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

## TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

### ROINN 2

**DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH - IARNÓIN, 1.30 GO 3.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

**N.B. Cuimhnigh le do thoil go gcaithfear an fillteán a thabhairt ar ais le do leabhar freagraí.**

**ROINN 2 ( 90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.

Gabhann na marcanna céanna le gach ceist.

**1.** **<u>AN SAOL I gCATHRACHA NUA-AOISEACHA</u>**

**A.** Ceannteideal Nuachtáin:

“**Plódú Tráchta Ag Dul In Olcas**”


**(i)** Ainmnigh **TRÍ** chúis le plódú tráchta in aon bhaile mór nó cathair go bhfuil staidéar déanta agat air. [6]

**(ii)** Déan cur síos ar **DHÁ** shlí chun plódú tráchta a laghdú. [4]

**B.** **(i)** Ainmnigh **TRÍ** chúis le coirpeacht i gcathracha. [6]

**(ii)** Mol **DHÁ** shlí chun go bhféadfaí coirpeacht a laghdú i gcathracha. [4]








**COSTAS TALÚN IN AGHAIDH AN AONAD FAIRSINGE**

**C.** Féach ar an bpictiúr thuas a thaispeánann go bhfuil costas talún i bhfad níos airde gar do lár na cathrach. Mínigh **DHÁ** chúis go bhfuil costas talún níos daoire gar do lár na cathrach [10]

## 2. TÍREOLAÍOCHT FHISICIÚIL

**A.**




Féach ar an léaráid thuas. Déan cur síos ar conas a fhoirmítear **BOLCÁN**. Bain úsáid as na hainmneacha ón léaráid i do fhreagra. [10]

**B.** **(i)** Déan cur síos ar **THRÍ** chineál damáiste a tharlaíonn nuair a bhrúchtann bolcán. [6]

**(ii)** Mínigh **DHÁ** shlí inar féidir le bolcán a bheith úsáideach do dhaoine. [4]

**C.** Is féidir le daoine úsáid a bhaint as carraigeacha ar shlite éagsúla.

**(i)** Ainmnigh **TRÍ** charraig agus abair conas is féidir gach ceann a úsáid. [6]

**(ii)** Mínigh cén fáth go mb'fhéidir go gcuirfeadh daoine ina aghaidh dá n-osclófaí cairéal le carraig a bhaint as gar dá mbaile. [4]

## 3. LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

**A.** Féach ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair atá ag gabháil léi.
Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an **léarscáil**.
Marcáil ar an sracléarscáil agus ainmnigh:

- An limistéar faoi fhoirgnimh de Cheatharlach
- Abhainn na Bearrú
- Na Príomhbhóithre Náisiúnta
- Eastát Tionsclaíoch
- Iarnród [12]

**B.** Féach ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis arís.
'Tá cuid mhaith seirbhísí le tairiscint ag Ceatharlach do dhaoine áitiúla agus do thurasóirí.'

**(i)** Ainmnigh agus aimsigh, ag baint úsáide as tagairtí eangaí, **TRÍ** cinn de na seirbhísí sin. [6]

**(ii)** Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh daoine áitiúla úsáid a bhaint as ceann **AMHÁIN** de na seirbhísí sin. [3]

**C.** Tá monarcha nua ríomhairí le tógáil ag **S** 737 778 in aice leis an N9, soir ó thuaidh ó lár bhaile Ceatharlach.

Mínigh **TRÍ** chúis gur roghnaíodh an suíomh seo. I do fhreagra scríobh faoin bhfianaise atá le feiceáil agat ar an léarscáil leis na cúiseanna sin. [9]

## 4. AERFÓTAGRAF DE BHAILE CEATHARLACH

**A.** Tarraing sracléarscáil den cheantar atá léirithe san **fhótagraf**.
Marcáil agus sainaithin ar an sracléarscáil:

- an abhainn
- an droichead thar an abhainn
- dhá bhóthar a bhuaileann le chéile
- séipéal
- páirc mhór [12]

**B.** Roghnaigh agus sainaithin go soiléir (déan tagairt don 'chúlionad ar chlé', 'réamhionad ar dheis' 7 rl.), áit ar an bhfótagraf ar mhaith leat cónaí ann. Tabhair **TRÍ** chúis le do fhreagra agus bain úsáid as an oiread sonraí agus is féidir ón bhfótagraf. [10]

**C.** Féach ar chúlionad clé an fhótagraif; tá cuid de sheanchaisleán in aice an droichid.
Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** chúis go gceapann tú gur tógadh an caisleán ag an suíomh seo. [8]

## 5. MEASCÁN TÍREOLAÍOCH

**Freagair AON TRÍ CINN de na ceisteanna: A, B, C, D**.

(Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.)

### A. ÁR nACMHAINNÍ - PORTAIGH MÓNA

'Tá athrú tagtha ar mhodhanna bainte agus sábhála ár n-acmhainní móna i gcaitheamh na mblianta.'

Déan cur síos ar **DHÁ** mhodh bainte agus sábhála móna a bhfuil staidéar déanta agat orthu. [10]

### B. TURASÓÍREACHT


Tá tábhacht ag baint le go leor tíortha agus réigiún don turasóireacht.

Ainmnigh tír **NÓ** réigiún **AMHÁIN** den chineál sin.

Mínigh **TRÍ** chúis go mbaineann tábhacht le turasóireacht sa cheantar atá ainmnithe agat.

**Nóta:** Is ceist leanta é seo.

## C. DAONRA I nDOMHAN ÉAGOTHROM





Tá 75% de dhaonra an domhain ag an **DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA**, ach tá céatadán níos lú den chaiteachas ar bhia, cúram sláinte agus oideachas. Ag baint úsáide as an eolas a thaispeántar thuas, freagair na ceisteanna seo a leanas:


**(i)** Cén % de chaiteachas an domhain a chaitear ar **shláinte** sa **domhan i mbéal forbartha**? [1]

**(ii)** Cén % de chaiteachas an domhain a chaitear ar **ghráin bia** sa **domhan i mbéal forbartha**? [1]

**(iii)** Déan cur síos ar conas is féidir le caiteachas níos lú ar bhia agus cúram sláinte cur isteach ar rátaí Beireatais **agus** rátaí Báis sa domhan i mbéal forbartha (m.sh. tíortha Afraiceacha). [8]

## D. BÁISTEACH




Le cabhair na léaráide thuas, déan cur síos ar conas a tharlaíonn **báisteach rilífe** agus **báisteach chomhiompair**. [10]